



Muintearas Teo

TOGRA OIDEACHAIS GHAELTACHTA
TÍR AN FhIA, LEITIR MÓIR, CO. NA GAILLIMHE
Fón: +353 91-551145/551300 Facs: +353 91-551277

Riomhphost: muintearas@muintearas.com Idirlíon: www.muintearas.com



Prótacal Covid-19 & Coinníollacha

Scéim na gCampáí Samhraidh sa Ghailtacht 2021

Moltar an cháipéis seo a léamh go cúramach.

Céard é Covid-19 / Coróinvíreas?

Is víreas thar a bheith tógalach é an coróinvíreas, agus faightear an aicíd Covid-19 ón gcoróinvíreas a tholghadh. D'fhéadfadh Covid-19 dochar a dhéanamh do'd scabhóga agus do'd córas anála.

I gcás go leor daoine a gheobhaidh Covid-19, seans nach gcuirfidh sé as go mór dóibh – b'fhéidir nach mbeidh aon chomharthaí sóirt le tabhairt faoi deara acu, nó gur tionchar aotrom a bheas ag an víreas ar a gcolainn agus nach teastóidh cóir leighis ar leith uathu. D'fhéadfadh sé go mbeadh daoine atá tar éis an coróinvíreas a tholghadh, in ann é a scaipeadh ar dhaoine eile ar feadh tréimhse 48 uair an chlog sula mbeadh a fhios acu féin go raibh an víreas orthu / sula mbeadh aon chomharthaí sóirt le tabhairt faoi deara. De réir an méid eolais atá ar fáil go dtí seo, breathnaíonn sé nach gcuireann Covid-19 as go mór do dhaoine óga folláine. Ach, d'fhéadfadh daoine óga folláine a bhfuil Covid-19 tolgtha acu i ngan fhios dóibh féin, an aicíd a scaipeadh ar dhaoine eile nach bhfuil chomh folláin leo, agus d'fhéadfadh Covid-19 a bheith i bhfad níos contúirtí dóibh siúd.

Na Bealaí ina Scaipeann Covid-19:

Scaiptear Covid-19 ó dhuine a bhfuil sé tolgtha acu go daoine eile tré:

- **Teagmháil gair le duine / daoine eile.** D'fhéadfadh Covid-19 a bheith i mbraoiníní beaga a shileann ó do bhéal agus do shrón nuair a bhíonn tú ag caint / ag béiceach / ag casacht / ag sraothartaigh srl. D'fhéadfadh daoine eile na braoiníní beaga seo a analú isteach má bhíonn siad ró-ghar duit (níos giorra ná 2 mheadar).
- **Covid-19 á leathadh san aer** – tarlaíonn seo nuair a bhíonn braoiníní beaga bídeacha éatroma ag sileadh ó do bhéal nó ó do shrón. De bhrí chomh beag agus chomh héatrom agus atá na braoiníní seo, is féidir leo scaipeadh i bhfad níos faide uait ná na braoiníní a bhaineann le caint / béiceach / casacht srl. D'fhéadfadh an víreas a bheith ag leathadh san aer in áiteacha atá plodaithe le daoine, nó i seomraí nach bhfuil aeráilte go maith.
- **Lámh a leagan ar dhromchla** atá breactha le braoiníní sraothartaigh nó casachta ó dhuine a bhfuil Covid-19 orthu, agus ansin lámh a chur ar d'aghaidh (do shúile / do shrón / do bhéal) ina dhiaidh sin gan do lámh(a) i nigh idir an dá linn. Cé nach dóigh go dtolgann an oiread céanna daoine Covid-19 ar an mbealach seo i gcomparáid le teagmháil ghair le daoine a bhfuil Covid-19 orthu, is féidir leis tarlú ar an mbealach seo.

Comharthaí Sóirt de Covid-19

D'fhéadfadh Covid-19 a bheith tolgtha agat i ngan fhios duit féin. D'fhéadfadh sé nach dtabharfá aon chomhartha sóirt faoi deara go gceann 14 lá. Tá na comharthaí sóirt cosúil le comharthaí sóirt slaghdáin agus fliú. Is iad na comharthaí sóirt is **coitianta** de Covid-19 ná:

- **Fiabhras** (teocht ard 38 + céim Celsius)
- **Casacht** - aon saghas casacht nach raibh ort cheana, ní gá go mbeadh sé tirim
- **Giorra anála** nó deacrachtaí anála
- **Cailleadh** nó **claochlú** sna gcéadfaí a bhaineann le blaiseadh & bolú

D'fhéadfadh comharthaí sóirt eile a bheith i gceist **nach bhfuil** chomh coitianta sin:

- pianta cnámh
- tuirse traochta
- muineál tinn
- tinneas cinn
- srón phlúchta nó smaoiseach
- fonn múisc nó tinneas boilg (ní minic a bhíonn seo i gceist)

Daoine atá i gContúirt níos airde ó Covid-19

Tá daoine ann atá i gcontúirt níos mó ó Covid-19, mar gheall ar chúinsí sláinte éagsúla. Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoi seo ón FSS. Is iad na **cúinsí sláinte is coitianta** ná:

- daoine níos síne na 70 bliain d'aois (fiú má tá an duine i mbarr a sláinte)
- daoine a bhfuil siondróm Down orthu
- daoine a bhfuil cineálacha ailse áirithe orthu agus atá ag fáil cóir leighis áirithe (ceimiteiripe, radaiteiripe & obráidí áirithe ina measc)
- daoine a bhfuil ailse fhorásach orthu nó ailse atá scaipthe ó bhall amháin den cholainn do bhall eile
- daoine atá ag fáil scagdhealú nó a bhfuil galar duán orthu
- galair ae
- daoine le galair scamhóg leanúnacha, ar nós droch phlúchadh, fiobróis scamhógach, galar scamhóg scáineach, droch COPD srl
- galar néarón luadrach nó seargadh matánach droma
- fiobróis chisteach
- diaibéiteas
- daoine a fuair trasphlandú orgán, nó atá ag fanacht ar thrasphlandú
- galair croí

- otracht / ró-reimhreacht

Tá breis eolais faoi na cúinsí seo ar fáil ag:

<https://www2.hse.ie/conditions/coronavirus/people-at-higher-risk.html#very-high-risk>

<https://www2.hse.ie/conditions/coronavirus/people-at-higher-risk.html#high-risk>

Má bhíonn inní ar thuismitheoir / caomhnóir go bhféadfadh a páiste, nó aon duine eile sa teaghlach / teach, a bheith i gcontúirt níos airde ó Covid-19 agus nach bhfuil vaicsín faighte acu go fóill, ba chóir dóibh comhairle a fháil óna dhochtúir teaghlaigh sula ndéanfaidh siad cinneadh faoina páiste a chur ar champa samhraidh.

Bealaí chun Fanacht Slán

Scaradh Sóisialta

Coinnigh achar **2 mheadar** idir thú féin agus daoine eile, agus go háirithe le haon duine a bhíonn ag casacht nó ag sraothartach.

Tá sé i bhfad níos sábháilte bualadh le daoine eile **taobh amuigh faoin aer**. Ach coinnigh achar 2 mheadar idir thú féin agus daoine eile, fiú taobh amuigh.

Ná téigh in áit atá **plodaithe le daoine**, nó ná fan in áit má thagann an iomarca daoine ann.

Coinnigh **sruth aeir** ag imeacht tríd seomraí taobh istigh – oscail na fuinneoga agus doirse aon uair gur féidir, agus fág oscailte iad.

Nigh do Lámha go minic agus go maith

Nigh do lámha le le **gallúnach**, nó le **hábhar glantacháin** a bhfuil alcól ann, ar feadh 20 soicind. Gheobhaidh seo réidh le haon víreas a d'fhéadfadh a bheith ar do lámha.

Dea-Shláinteachas Riospráide

Clúdaigh do bhéal le **naipcín póca** nuair a dhéanann tú **casacht** nó **sraothartach**, nó déan casacht / sraothartaigh isteach i d'uilinn.

Má úsáideann tú naipcín póca, ba chóir é a chaitheamh sa mbruscar ar an bpointe a bheas tú críochnaithe leis agus do lámha a nigh. Tríd dea-shláinteachas riospráide a chleachtadh, tugann muid cosaint do na daoine timpeall orainn ó scaipeadh víris ar nós slaghdán, fliú agus Covid-19.

Seachain do lámha a chur ar do shúile / srón / béal.

Cuireann muid ar fad ár lámha ar go leor dromhchlaí éagsúla. Is féidir víreas a scaipeadh tré lámh a leagan ar dhromchla atá breactha leis an víreas agus ansin do lámh a chur ar do shúile / srón / béal. Dá dtarlódh sin, bheadh bealach isteach ag an víreas i do cholainn, agus d'fhéadfadh sé sin thú a dhéanamh tinn.

Cloí leis na srianta sláinte poiblí

Tá siad seo ar fáil ar www.gov.ie

Cúram Leighis

Má thagann aon cheann de **chomharthaí sóirt Covid-19** ort, cur glaoch ar do dhochtúir teaghlaigh chomh luath in Éirinn agus is féidir. Ná téigh chuig ionad an dochtúra gan glaoch a chur ar dtús. Má bhraitheann tú tinn, fan sa mbaile. Lean pé comhairle a thugann an dochtúir duit, agus lean treoracha sláinte poiblí.

Tabharfaidh seo cosaint duit-se, agus laghdóidh sé an baol Covid-19 a scaipeadh.

Baol scaipthe i measc Páistí Óga

Tugann an doiciméid '*Evidence summary for spread of Covid-19 by children*' a d'fhoilsigh HIQA i mí na Bealtaine 2020, le fios go bhfuil an baol scaipthe Covid-19 níos ísle i measc páistí níos óga ná 14 bliain d'aois. Breathnaíonn sé go bhfuil ráta íseal scaipthe Covid-19 ó pháiste go duine fásta, nó ó pháiste go duine eile sa teaghlach, ón taighde atá déanta go dtí seo. Bíonn contúirt ann i gcónaí go bhféadfaí Covid-19 a scaipeadh, ach tá an chosúlacht ar an scéal go bhfuil an contúirt sin níos ísle le páistí óga. Agus tá an baol níos lú arís le himeachtaí taobh amuigh faoin aer. Tá roinnt céimeanna praiticiúla gur féidir a thógáil chun an baol a laghdú agus imeachtaí do pháistí ar siúl:

- srian ar an líon páistí ar féidir freastal ar champa samhraidh;
- na cinnirí céanna a bheith leis an ngrúpa céanna páistí i gcónaí;
- lámha a nigh go minic agus go maith;
- dea-shláinteachas riospráide;
- gan ábhar pearsanta ar nós buidéal uisce a roinnt;
- póstaer /comharthaí agus eolas faoi Covid-19 le feiceáil ar an láthair;
- neart ábhar glantacháin agus díghalraithe ar fáil ar an láthair;
- fanacht ar an láthair céanna i gcónaí;
- páiste a choinneáil sa mbaile má éiríonn siad tinn;
- eolas a chur ar fáil do thuismitheoirí / caomhnóirí sa gcaoi agus gur féidir leo meabhair a fháil ar an scéal agus cinneadh feasach a dhéanamh faoina bpáiste

a bheith ag freastal ar champa samhraidh. D'fhéadfadh fadhb shláinte a bheith ag páiste a chuirfeadh i gcontúirt níos mó iad ó Covid-19 agus i gcás mar seo, ba chóir don tuismitheoir/caomhnóir comhairle a fháil óna dhochtúir teaghlaigh sula ndéanfaidh siad cinneadh faoin bpáiste a chur ar champa samhraidh.

Sula dTosóidh Campa Samhraidh

Comharthaí / Póstaeir: ba chóir comharthaí (ag teacht le treoirlínte sláinte poiblí) a chur ar láthair an champa - go háirithe ar an mbealach isteach, sa gcarr chlós / áit páirceála agus in aice leis na leithris. Ba cheart go mbeadh eolas ar na comharthaí / póstaeir seo faoi scaradh sóisialta, lámha a nigh, dea-shláinteachas riospráide, cosc ar chroitheadh lámh / teagmháil ró-ghar idir dhaoine / caitheamh seile srl.

Ábhar glantacháin / díghalraithe: ba chóir ábhar glantacháin / díghalraithe lámha a bheith ar fáil ag an mbealach isteach do láthair an champa, sna leithris agus aon áit / láthair eile a bheas in úsáid. Ba chóir freisin go mbeidh boscaí bruscair ar fáil chun fáil réidh le hábhar truallaithe / ciarsúir / naipcíní póca srl. Ba chóir sceideal glantacháin / díghalraithe a leagan amach gach lá, le cinntiú go mbeidh seo á dhéanamh.

Leithris: caithfear a bheith rí-chúramach faoi leithris a choinneáil glan i gcónaí. Ba cheart fuinneoga a fhágáil oscailte an fhad agus a bheas an campa ar siúl, aon doras gur féidir a fhágáil oscailte, agus gallúnach nó ábhar díghalraithe a bheith ar fáil i gcónaí chun lámha a ghlanadh tar éis leithris a úsáid. Ba chóir na leithris a ghlanadh / a dhíghalrú go minic.

Áit ar leith d'aon duine a d'éireodh tinn: má éiríonn aon duine tinn le linn an champa, tá sé rí-thábhachtach iad a choinneáil amach ó dhaoine eile. Mar sin, ba cheart go mbeadh áit curtha ar leataobh chun gur féidir le duine tinn fanacht ina aonar (is cuma páiste nó duine fásta). Ba cheart go mbeadh ábhar cosanta (PPE) ar fáil don chinnire a bheadh ag déileáil le haon duine a d'éireodh tinn le linn campa. Tá sé tábhachtach freisin go mbeadh a fhios ag cinnirí an champa céard a ba chóir dóibh a dhéanamh i gcás tinnis / gortaithe / timpiste - m.sh cé a thabharfadh duine tinn a fhad le hospidéal / dochtúir i gcás gortaithe / timpiste nó tinnis, teagmháil a dhéanamh le dochtúir más gá, tuismitheoir / caomhnóir a chur ar an eolas & insint dóibh cén áit ar féidir leo comhairle a fháil más gá srl.

Tá coinníollacha ar leith leagtha amach sa gcáipéis seo chun gur féidir le campáí samhraidh teacht i dtír ar na riachtanais nua Covid-19

Coinníollacha Scéim na gCampaí Samhraidh 2021

Coinníollacha ar leith do Champaí Samhraidh de thairbhe Covid-19 agus srianta sláinte poiblí.

Ag Réiteach do Champa

1. Is campaí taobh amuigh faoin aer **amháin**, le grúpaí de 15 uasmhéid, a cheadófar i mbliana faoi réir srianta sláinte poiblí.

Má thagann aon athrú ar na treoirí seo, coinneofar lucht eagraithe campaí samhraidh ar an eolas de réir mar a gheobhaidh muid féin an eolas

2. Tabhair faoi deara go mbeidh **Cinnirí** agus **Cúntóirí Riachtanais Speisialta san áireamh** ins an uasmhéid duine gur féidir a bheith in aon ghrúpa. Mar sin, beidh an líon páistí gur féidir freastal ar champa ag brath ar an gcóimheas cuí cinnirí : páistí de réir aois na bpáistí (*féach coinníollacha 14 & 15*).

Má thagann aon athrú ar na treoirí seo, coinneofar lucht eagraithe campaí samhraidh ar an eolas de réir mar a gheobhaidh muid féin an eolas

3. Caithfidh na **cinnirí céanna** a bheith le gach grúpa gach lá, ó thús go deireadh an achair a bheas an campa ar bun (is cuma cé mhéid grúpa a bheas i gceist). Bheadh sé inmholta fáil a bheith ag lucht eagraithe an champa ar chinnire eile, sa gcás go n-éireodh cinnire tinn agus nach mbeidís ábalta leanacht orthu ag obair siocar baol scaipthe Covid-19.
4. Caithfear **measúnú riosca** a dhéanamh ar láthair agus ar imeachtaí an champa i bhfianaise na rioscaí a bhaineann le Covid-19 (*teimpléad measúnaithe riosca ar fáil ar www.muintearas.com*)
5. Caithfidh gach eagraíocht atá chun campa a reáchtáil **Oifigeach Covid-19** a ainmniú; agus moltar don Oifigeach **clár oiliúna ar-líne** a dhéanamh roimh ré chun ullmhú do bheartais breise Covid-19 (*treoir ar fáil ó Mhuintearas má theastaíonn*)
6. Ba chóir mír ar leith a chur leis an **bhfoirm clárúcháin**, a chaithfidh tuismitheoir / caomhnóir gach páiste a líonadh isteach, ag deimhniú nach bhfuil / nach raibh aon chomhartha sóirt Covid-19 ar an bpáiste, agus seo a bheith sínithe ag an tuismitheoir/ caomhnóir **sula dtosaíonn an champa** (*foirm shamplach ar fáil ar www.muintearas.com*)
7. Ba chóir **deimhniú sínithe** a fháil ó gach **cinnire** a bheidh ag obair ar an gcampa nach raibh aon chomhartha sóirt Covid-19 orthu in imeacht 14 lá roimh thús an champa (*foirm shamplach ar fáil ar www.muintearas.com*)
8. Caithfear **áit ar leith**, atá scoite amach ó imeachtaí an champa, a leagan amach mar áit gur féidir aon pháiste nó cinnire a d'éireodh tinn le linn an champa a

chur go dtí go bhféadfadh siad imeacht ón láthair, ionas go mbeidh an páiste / cinnire á choinneáil amach ó dhaoine eile.

9. Caithfear **póstaeir / comharthaí** Covid-19 a bheith le feiceáil go soiléir ar láthair an champa, ag tabhairt eolais ó thaobh comharthaí sóirt Covid-19, scaradh sóisialta, lámha a ghlanadh, dea-shláinteachas riospráide srl.
10. Ní chóir **cead a thabhairt** d'aon duine seachas cinnire atá ag obair ar an gcampa, páiste atá ag freastal ar an gcampa, tuismitheoir a chaithfidh páiste tinn / gortaithe a bhailiú, agus oifigeach Mhuintearais Teo a bheadh ag teacht ar chuairt monatóireachta, **ar láthair an champa ag aon am**.
11. I gcás **Garchabhair** ag teastáil ar champa, caithfear aird ar leith a thabhairt ar an **mbaol scaipthe Covid-19**. Caithfear **masc aghaidhe & miotóga a chaitheamh i gcónaí** agus cinnire ag déileáil le gortú nó timpiste. Ba cheart go mbeadh mála Garchabhair ar leith ann, marcailte go soiléir, agus na nithe seo a leanas a bheith sa mála:
 - 2 mhasc (barrier shield) le n-úsáid i gcás CPR;
 - 2 aprún;
 - 2 phéire miotóga (ar an laghad);Ba cheart go mbeadh mála mar seo ar fáil do gach grúpa a bheadh ag freastal ar champa.

Líon Páistí, Fad an Champa

12. Is tréimhse **10 seachtaine** a bheas Scéim na gCampaí Samhraidh á cheadú. Cuirfear tús le Scéim na gCampaí ar **14/06/20** go dtí **20/08/20**. Ní thabharfar aitheantas d'aon champa a bheas á reáchtáil roimh ná tar éis na dátaí sin.
13. Is féidir campa a bheith ar siúl suas go dtí **5 uair sa lá** (uasmhéid ama). Ceadófarampaí a bheas am-chláir laethúil **níos lú ná 5 uair** acu i mbliana amháin.
14. Is gá **beirt cinnire** ar an laghad a bheith i láthair i gcónaí, agus go gcloífi leis an gcóimheas seo a leanas:
 - Aoisghrúpa 3-6: 1:8
 - Aoisghrúpa 7-12: 1:10
 - Aoisghrúpa 13-18: 1:13**N.B. Áireofar gach cinnire mar chuid den uasmhéid daoine atá ceadaithe a bheith i ngrúpa ar champa samhraidh de réir treoirlínte sláinte poiblí**
15. I gcás páiste le riachtanais speisialta a bheith ag freastal ar champa, tá sé rí-thábhachtach gurb é / í an **Cúntóir Riachtanais Speisialta chéanna** a bheas leo i gcaitheamh an ama ar fad. Ní foláir a bheith airdeallach go bhféadfadh cuid de na beartais Covid-19 deacrachtaí a chruthú do pháistí le riachtanais speisialta (ag brath ar an riachtanas), m.sh. lámha a nigh go rialta, dea-shláinteachais riospráide srl. Is faoi lucht eagraithe an champa a bheadh sé

féachaint chuige go mbeadh pé socrú a bheadh gá leis déanta i gcás riachtanais speisialta.

N.B. Áireofar gach Cúntóir Riachtanais Speisialta mar chuid den uasmhéid daoine atá ceadaithe a bheith i ngrúpa ar champa samhraidh de réir treoirlínte sláinte poiblí

16. Ní íocfar deontas do níos mó ná **50 páiste uasmhéid** ar aon champa. Íocfar an gnáth dheontas de **€45 an pháiste** a fhreastalaíonn ar champa ar feadh 5 lá i mbliana.

Scaradh Sóisialta

17. Caithfear scaradh sóisialta (2 mhéadar) a chur i bhfeidhm i gcónaí ar an gcampa, agus caithfear súil ghéar a choinneáil go bhfuil scaradh sóisialta ag tarlú i gcónaí.

Má thagann aon athrú ar na treoirlínte seo, coinneofar lucht eagraithe campai samhraidh ar an eolas de réir mar a gheobhaidh muid féin an eolas.

Glanadh & Díghalrú

18. Caithfear a dhéanamh cinnte go mbeidh gach páiste agus gach cinnire ag cloí le dea-shláinteachas riospráide (casacht / sraothartach isteach i do mhuinchille/uilinn/naipcín a úsáid srl).
19. Ba chóir do chinnirí agus páistí araon **na lámha a nigh** go minic agus go maith le gallúnach agus uisce (nó ábhar díghalraithe lámh a úsáid sa gcás nach bhfuil gallúnach & uisce ar fáil), le linn an champa, agus go háirithe:
 - ag teacht isteach agus ag fágáil láthair an champa
 - tar éis casachta nó sraothartaigh
 - roimh agus tar éis ithe
 - roimh agus tar éis leithris a úsáid
 - roimh agus tar éis Garchabhair
 - tar éis bruscair a fholmhú
 - tar éis glanadh / díghalrú a dhéanamh ar aon rud
 - roimh agus tar éis uachtar gréine a chur ort féin / ar pháiste
 - aon uair atá na lámha salach
20. Caithfidh neart gallúnaí nó ábhar dí-ghalraithe lámh a bheith ar fáil le linn an champa.
21. Bí cinnte go stórálfar ábhar glantacháin agus díghalraithe go sábháilte le linn an champa.
22. Ba cheart treoir a thabhairt do na páistí a bheith cúramach gan lámh a chuir ar a gcuid súl, béal & srón.
23. Caithfear leithris a ghlanadh go rialta.

24. Caithfear aon trealamh a bheadh in úsáid a dhí-ghalrú go rialta.
25. Caithfear bruscar a bhailiú agus a chaitheamh amach go sábháilte (*inmholta é seo a dhéanamh gach 20 nóiméad*).
26. Níl cead buidéal, cupáin, plátaí srl a roinnt idir pháistí agus / nó cinnirí.
27. Moltar sceideal glantacháin & dí-ghalraithe a chur i bhfeidhm ar an gcampa le cinntiú go mbeidh glanadh & dí-ghalrú á dhéanamh go rialta, agus go háirithe **roimh thús an champa** gach lá agus nuair a **chríochnóidh an campa** gach lá.
28. I gcásampaí samhraidh a bhíonn imeachtaí ar leith ar bun acu (ar nos spóirt, spóirt uisce srl), ba cheart dóibh pé **prótacal / treoirlínte** atá ag a **scáth-eagraíocht / cumann náisiúnta** a leanacht, chomh maith leis na coinníollacha ar fád anseo.

Páistí a Fhágáil & a Bhailiú

29. Caithfear bainistiú a dhéanamh ar na hamanna a bheidh tuismitheoirí / caomhnóirí ag fágáil páiste ag láthair an champa & iad a bhailiú arís, le nach mbeidh plód daoine ag teacht chuig an láthair ag aon am amháin (*moltar tréimhse ama a leagan amach do seo - 30 nóiméad m.sh. - ag tús agus deireadh an lae, & gach tuismitheoir / caomhnóir a chur ar an eolas*).
30. Moltar do thuismitheoirí / caomhnóirí **masc aghaidhe** a chaitheamh, agus gan a bheith ag teacht amach as a ghluaisteán más féidir, nuair a bheas siad ag fágáil agus ag bailiú páiste.

Cás Tinnis le linn an Champa

31. Má éiríonn páiste nó cinnire tinn le linn an champa, ba chóir iad a chur in áit ar leith atá leagtha amach don údar sin amháin (*féach coinníoll 8*).
32. Ba chóir go mbeadh masc ar fáil don duine tinn, chomh maith le páipéar frithbhaictéarach agus díghalrú lámh.
33. Ba chóir don duine tinn dea-shláinteachas riospráide a chleachtadh, gan a lámha a leagan ar aon duine eile nó ar aon dhromchla thart orthu.
34. Caithfidh an té a bheas ag déileáil leis an duine tinn masc, miotóga, aprún agus aon ábhar cosanta (PPE) eile a theastaíonn, a chaitheamh.
35. Caithfear an duine tinn a choinneáil ina aonar go dtí go mbeidh bealach abhaile acu.
36. Má éiríonn páiste tinn le linn an champa agus go gcaithfear é / í a thabhairt chuig dochtúir nó ospidéal, is **tuismitheoir / caomhnóir** an pháiste sin a cheart iad a thabhairt chomh fada le dochtúir nó ospidéal. Ní cheart do

chinnire seo a dhéanamh, ar fhaitíos ionfhabhtaithe ar láthair eile agus an víreas a scaipeadh nuair a fhillfidh siad ar láthair an champa.

37. Má bhíonn amhras go bhféadfadh **comharthaí sóirt Covid-19** a bheith ar **pháiste** a éiríonn tinn le linn an champa, caithfear an tuismitheoir / caomhnóir a chur ar an eolas láithreach, agus insint dóibh teagmháil a dhéanamh lena ndochtúir teaghlaigh. Caithfidh an duine **cloí le treoirlínte sláinte poiblí** i gcás amhrais Covid-19 (i gcás páiste, tá an fhreagracht sin ar an tuismitheoir / caomhnóir). Ní chóir dóibh filleadh ar láthair an champa go dtí go mbeidh sé **deimhnithe le torthaí tástála / teastas dochtúra** nach bhfuil Covid-19 orthu.
38. I gcás amhrais go bhféadfadh **comharthaí sóirt Covid-19** a bheith ar **chinnire** a éiríonn tinn le linn an champa, ba chóir dóibh féin teagmháil a dhéanamh lena ndochtúir teaghlaigh. Caithfidh an cinnire **cloí le treoirlínte sláinte poiblí** i gcás amhrais Covid-19. Ní chóir dóibh filleadh ar láthair an champa go dtí go mbeidh sé **deimhnithe le torthaí tástála / teastas dochtúra** nach bhfuil Covid-19 orthu.

Taifead i gcomhar Rianú Teagmhála

39. Caithfear taifead á choinneáil d'ainm & uimhir teagmhála gach páiste a fhreastalaíonn & gach duine fásta a mbíonn ar láthair an champa **ag aon am** le linn an champa samhraidh, chun tacú le rianú teagmhála má theastaíonn.
***N.B.** is féidir **rollaí an champa** a úsáid sa gcás seo, ach cóip a bheith coinnithe ag stiúrthóirí an champa ar fhaitíos go dteastóidh sé tar éis don champa críochnú (caithfear cloí le rialacha GDPR maidir le sonraí pearsanta dhaoine a choinneáil faoi rún).*

Táille an Champa

40. Ní bheidh an **táille** a bheidh á gearradh ar thuismitheoirí / caomhnóirí **níos airde ná €50**. Tabhair faoi deara go bhféadfadh táille níos airde ná €50 an pháiste, eagraíochtaí a dhí-cháiliú do dheontas Scéim na gCampaí Samhraidh sa nGaeltacht.
41. I gcás **táille** an champa **á íoc** ag daoine ag láthair an champa le hairgead tirim, ba cheart don té a bheadh ag láimhseáil airgid aird ar leith a thabhairt ar ghlanadh / díghalrú lámh (bheadh sé inmholta táillí a bheith íocaithe sula dtosnódh an champa).

Ní cheadófar cúnaimh Muintearas Teo d'aon champa nach gcomhlíonfaidh na coinníollacha speisialta seo de thairbhe Covid 19

Gnáth Choinníollacha na Scéime atá i bhFeidhm i gCónaí

Tréimhse an Champa

42. Is tréimhse chuig lá amháin a cheadófar do chuile champa.
43. Caithfear éileamh íocaíochta a bheith déanta ar a dhéanaí coicís tar éis don champa críochnú.

Ionad an Champa

44. Ní foláir dóthain áiseanna feiliúnacha a bheith ar fáil chun an champa a reáchtáil go sásúil, go mór mór má tá sé i gceist níos mó ná grúpa de 15 amháin a bheith ar an gcampa.
45. Ní mór a chinntiú go mbeidh dóthain leithris ar fáil i measc na n-áiseanna.
46. Ní foláir an campa a bheith i gceantar Gaeltachta (beifear ag súil leis nach mbeidh níos mó ná campa amháin den chineál céanna in aon cheantar de ghnáth).

Rannpháirtithe:

47. Gur páistí ó 3 bliana go dtí 18 mbliana d'aois ar an 1ú Eanáir i mbliain an champa amháin a mbeidh cead acu freastal go hiondúil. I gcásampaí **a fhreastalaíonn ar pháistí óga**, ní foláir gur **páistí idir 3 agus 6 bliana d'aois amháin ón 1 Eanáir i mbliain an champa** (na haoiseanna sin san áireamh) a fhreastalaíonn orthu.

Teagascóirí/ Cinnirí an Champa:

48. Is gá do gach cinnire a bheith 18 mbliain d'aois, ní ghlacfar le haon duine atá faoi 18 i dtaobh an chóimheasa seo.
49. Ba chóir go mbeadh gach **teagascóir / cinnire cáilithe** go cuí chun gníomhú mar theagascóir/chinnire sa réimse atá faoina c(h)úram. Is faoi lucht eagraithe an champa atá sé féachaint chuige go bhfuil gach duine a mbeidh baint acu le lucht freastail an champa oiriúnach don chúram sin agus pé oiliúint / fiosrúcháin is gá a dhéanamh i gcomhar leis na húdaráis cuí chun é sin a dhearbhu.

Foirm Chláraithe

50. Tá sé riachtanach **córas clárúcháin a bheith i bhfeidhm** do pháistí a bheas ag freastal ar an gcampa. Ba chóir **foirm chlárácháin chuí** a úsáid a chaithfidh tuismitheoirí/caomhnóirí na bpáistí a shíniú roimh ré (*féach coinníoll 6*).
51. Bheadh sé inmholta na páistí a bheith cláraithe ar an gcampa ar a laghad seachtain roimhré.

52. Ba chóir go mbeidh **táille iomláin** an champa (€50 nó níos lú) agus cúnamh Muintearas Teo luaite go soiléir ar an bhfoirm clárúcháin.

An Ghaeilge

53. Ní foláir an campa a bheith rite **go hiomlán trí Ghaeilge** agus dá réir:
- caithfear **Muintearas Teo** a shásamh go bhfuil ard-chumas sa Ghaeilge ag gach duine a bheidh ag obair air;
 - ní mór a chinntiú roimhré**, trí agallamh más gá, go mbeidh a dóthain Gaeilge ag gach rannpháirtí chun tairbhe a bhaint as campa atá á reáchtáil trí Ghaeilge go hiomlán;
 - go bhfuil cónaí ar 90% ar a laghad de lucht freastail an champa sa Ghaeltacht
54. Tá sé riachtanach go ndearbhaíonn agus go dtuigeann an tuismitheoir / caomhnóir go mbeidh cód iompar teanga i bhfeidhm ar an gcampa, a thugann údarás don lucht eagraithe pé beart is gá a chur i gcrích mura bhfuil iarracht shásúil á ndéanamh chun Gaeilge a labhairt i rith an champa (lena n-áirítear an páiste a chur abhaile).
55. Tá an dualgas ar lucht eagraithe na gcampaí a chinntiú **go dtuigeann tuismitheoirí/caomhnóirí na rannpháirtithe** go mbeidh an campa á reáchtáil go hiomlán **trí Ghaeilge**.
56. Tá sé riachtanach cóip den **chód iompar teanga / pholasáí Gaeilge** agus aon sonraí a bhaineann leis a chur ar fáil do **Muintearas Teo** roimh ré le go mbeidh siad sásta go bhfuil cúram a dhóthain á dhéanamh don Ghaeilge. Agus an campa á scrúdú ag **Muintearas Teo**, cuirfear béim ar leith ar chomhlíonadh na gcoinníollacha a bhaineann leis an nGaeilge.

Deontas do Riachtanais Speisialta

57. Íocfar deontas ar leith i gcás **páiste le riachtanais speisialta** ag freastal ar champa. Tá sé rí-thábhachtach go mbeidh Cúntóir ar fáil do gach páiste le riachtanais speisialta, agus tá sé rí-thábhachtach gurb é/í an Cúntóir chéanna a bheas leis an bpáiste i gcónaí (*féach coinníoll 15 thuas*)
- íocfar deontas de **€100** in ionad an gnáth dheontas de €45;
 - beidh gá le dearbhú scríofa ó thuismitheoir/chaomhnóir nó ó dhochtúir an pháiste;
 - ní íocfar aon deontas gan dearbhú scríofa;
 - is leis an eagraíocht/coiste atá i bhfeighil an champa Cúntóir Riachtanais Speisialta a fhostú más gá;
 - caithfidh na cáilíochtaí cuí a bheidh ag aon duine a bhíonn ag obair mar Chúntóir Riachtanais Speisialta ar an gcampa (*má bhíonn a thuilleadh soiléiríú ag teastáil, déan teagmháil le Muintearas Teo*);
 - Ní bheidh aon mhaoiniú breise ar fáil ó Mhuintearas chun Cúntóir Riachtanais Speisialta a fhostú.

Cosaint Leanaí

58. Caithfidh gach coiste / eagraíocht a reáchtálaíonn campa samhraidh **Ráiteas um Chumhdach Leanaí** a bheith acu, agus ar taispeáint go poiblí ar láthair an champa. Is dualgas dlíthiúil é seo ar aon choiste / eagraíocht a chuireann seirbhísí nó imeachtaí ar fáil d'aon duine faoi 18 bliain d'aois faoin **Acht um Thús Áite do Leanaí 2015**. Ní mór don choiste / eagraíocht a chinntiú go mbeidh cóip den Ráiteas seo léite ag foireann an champa ar fad, agus go dtuigfidh foireann an champa na dualgais atá orthu faoin reachtaíocht nua. Tá eolas ar fáil faoi Ráiteas um Chumhdach Leanaí ar an suíomh Idirlín:
<http://www.tusla.ie/children-first>
59. Ní foláir líosta de **Dhaoine Sainordaithe** (Mandated Persons) a bheith mar chuid de Ráiteas um Chumhdach Leanaí an champa. Tá eolas faoi **Dhaoine Sainordaithe** ar fáil ar an suíomh Idirlín:
<http://www.tusla.ie/children-first/mandated-persons>
60. Ní mór d'aon **Duine Sainordaithe** an modúl oiliúna ar **Thús Áite do Leanaí** a bheith déanta acu, agus cóip den **teastas** a théann leis an mhodúl a chur ar fáil d'oifighe **Muintearas Teo**. Tá fáil ar an modúl oiliúna ar an suíomh Idirlín:
<http://www.tusla.ie/children-first/children-first-e-learning-programme/>
61. Caithfidh **Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána** a bheith déanta ar gach ball foirne ar an gcampa. Ní mór do choistí / eagraíochtaí **deimhniú** a sholáthar d'oifighe **Muintearas Teo** go bhfuil seo amhlaidh.
62. Ní mór go mbeidh **polasaí Cosaint Leanaí** ag aon choiste / eagraíocht a reáchtálaíonn campa samhraidh, agus go gcinnteoidh siad go bhfuiltear ag cloí leis na rialacháin **Treoir Náisiúnta um Thús Áite do Leanaí**.
63. Ní foláir go bhféachfaidh an coiste chuige go ndéanfar cúram de shábháilteacht agus leas na bpáistí i rith an ama agus go gcloífear le dea-chleachtais sábháilteachta i gcónaí, go háirithe i gcás imeachtaí spóirt faoi leith ar nós snámh. Is faoi lucht eagraithe an champa dá réir, comhairle a fháil ó na húdaráis cuí lena chinntiú go bhfuil **polasaí sábháilteachta** agus cur chuige ina leith oiriúnach acu.

Ní cheadófar cúnaimh Muintearas Teo d'aon champa nach gcomhlíonfaidh na ndualgais dlíthiúil seo.

Cúrsaí Cánacha agus Árachais:

64. Go bhfuil **uimhir thagartha chánach** ag an gcoiste/eagraíocht agus go gcuirfear **uimhir cánach agus uimhir rochtana Imréitigh Cánach (Tax Clearance Access Number)** chuig Muintearas Teo leis an iarratas chun é seo a chruthú.
65. Go bhfuil **árachas dliteanas poiblí ag an gcampa** chun íosmhéid éilimh do €6.5m a sheasamh (d'aon eachtra amháin) i leith gach rannpháirtí a bheas ar an gcampa agus aon ionad atá á úsáid i rith tréimhse an champa, agus árachas

dliteanas fostaí do €13m. Áirítear aon duine atá ag obair/ag tabhairt cúnamh ar an champa (bíodh siad fostaithe nó ag obair go deonach) agus atá os cionn 18 bliana d'aois mar oibrí ar an gcampa. Ní foláir go mbeidh cóip den árachas sin ar fáil ag láithreán an champa féin. Ní foláir go mbeidh **alt** sa pholasaí árachais sin ina ndearbhófar **go ndéanfaidh an campa, a lucht eagraithe, a ghníomhairí agus a sheirbhísigh Muintearas Teo., Údarás na Gaeltachta agus an tAire Stáit sa Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & Meán, a s(h)eirbhísigh agus a g(h)níomhairí, a shlánú agus a choimeád slán in aghaidh gach uile gníomh, gach uile costas, éileamh agus damáiste a éireoidh as aon úsáid a bhainfear as na hionaid sin nó as aon imeacht teagmhasach a bhainfidh le himeachtaí a eagróidh an campa, a lucht eagraithe, a ghníomhairí agus a sheirbhísigh.**

Is féidir le Muintearas pacáiste árachais ar phraghas réasúnach a eagrú ach é sin a bheith roghnaithe ar an bhfoirm iarratais.

Athrú ar dháta nó campa ar ceal

66. I gcás go gcuirfear campa ar ceal nó go n-athrófar dáta an champa tar éis iarratas ar aitheantas a bheith déanta le Muintearas Teo, ní foláir scéala a chur chuig Muintearas Teo roimh thús an champa.

Rolla Muintearas Teo

67. Ní mór an rolla atá curtha ar fáil ag **Muintearas Teo** a úsáid agus a bheith ar fáil le scrúdú ag oifigeach **Muintearas Teo** nuair a thabharfaidh sé/sí cuairt ar an gcampa. Ní mhór freisin an rolla sínithe a sheoladh chuig Muintearas Teo leis an éileamh íocaíochta. Ní íocfar aon champa muna mbeidh an rolla ar fáil (*féach coinníoll 39*).

Ginearálta

68. Is ag **Muintearas Teo** a bheidh an bhreith dheireanach maidir le gach ní a bhaineann leis an Scéim seo. Coimeádann Muintearas Teo an ceart deontas/tráthchuid de pé deontas a bheadh iníoctha sa ghnáthbhealach a choinneáil siar i gcás nach bhfuiltear sásta gur comhlíonadh coinníollacha uile na Scéime.

69. Ag brath ar éileamh agus méid na n-iarratas sa bhliain, d'fhéadfadh sé go socrófar uasmhéidampaí a d'fhéadfadh a bheith faoi chúram aon eagraíocht nó coiste, gur féidir a mhaoiniú.

70. Is gá gach iarratas a dhéanamh ar champa 5 lá. Níl ghlacfar le hiarratas ina mbeidh tréimhse an Champa níos mó, nó níos giorra, ná 5 lá.

71. Beidh sé de cheart ag **Muintearas Teo**, más mian leo, fiosruithe a dhéanamh le tuismitheoirí na rannpháirtithe atá luaite ar rolla an champa.

72. Níl sé le tuiscint as deontas a íoc faoin Scéim seo go nglacann **Muintearas Teo, Údarás na Gaeltachta, nó An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon,**

Gaeltachta, Spóirt & Meán aon fhreagracht orthu féin i dtaobh rannpháirtithe agus ní bheidh **Muintearas Teo, Údarás na Gaeltachta, nó An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & Meán** faoi dhliteanas mar gheall ar aon chailliúint nó dochar a tharlaíonn aon uair ina leith.